Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/3088

10.12.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/3088 ÓN gCOMHAIRLE

## an 9 Nollaig 2024

## lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES [1], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC).

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231 [2] mar fhreagairt ar an mbac ar an bpróiseas toghcháin agus ar sháruithe gaolmhara chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231, leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES, agus tugadh isteach bearta sriantacha uathrialacha in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES.

(3) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar na bearta sriantacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES, agus mar gheall ar na tosca ábhartha agus i bhfianaise thromchúis na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ba cheart na bearta sin a athnuachan go dtí an 12 Nollaig 2025.

(4) Bunaithe ar fhaisnéis nuashonraithe, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le daoine áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) go dtí an 12 Nollaig 2025. Déanfar iad a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a gcuspóirí.’;

(2) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY I.

[1] Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30).

[2] Cinneadh (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 I, 12.12.2016, lch. 7).

*IARSCRÍBHINN*

I Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 13, 17, 29 agus 30:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '13. | Joseph Nganzo Olikwa TIPI | ar a dtugtar freisin Coirnéal Tipi Ziro Ziro, Joseph Ngadjole, Joseph Nganzole Olikwa<br><br>Dáta breithe: 10.11.1977<br><br>Áit bhreithe: Bunia Fataki, PDC<br><br>Náisiúntacht: PDC<br><br>Inscne: fireann<br><br>Grád: Coirnéal de chuid FARDC<br><br>Post: Leas-Cheannasaí ar an 12ú Briogáid Mhearfhreagartha in Minembwe, iarcheannasaí an 312ú cathlán de 31ú Príomh-Bhriogáid Chosanta<br><br>Uimhir aitheantais mhíleata: 1-77-96-32692-76 | Ba é Joseph Nganzo Olikwa Tipi Ceannasaí ar an 312ú cathlán den Príomh-Bhriogáid Chosanta de chuid Fhórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (FARDC) go dtí mí Eanáir 2022.<br><br>Rinne fórsaí an 312ú cathlán, agus é faoina cheannas agus faoina fhreagracht, ionsaithe ar shibhialtaigh agus sáruithe tromchúiseacha chearta an duine, go háirithe éigniú ban idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2021.<br><br>Tá Joseph Nganzo Olikwa Tipi fós ina oifigeach ardchéime in FARDC, is é an Coirnéal agus an Leas-Cheannasaí ar an 12ú Briogáid Mhearfhreagartha in Minembwe (Kivu Theas), i gceannas ar riarachán agus lóistíocht.<br><br>Agus na hardfheidhmeanna sin aige, tá sé freagrach as sáruithe chearta an duine a rinne FARDC le déanaí.<br><br>Dá bhrí sin, tá baint ag Joseph Nganzo Olikwa Tipi le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 8.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 17. | Alain François Viviane GOETZ | Dáta breithe: 24.4.1965<br><br>Áit bhreithe: Deurne, Antuairp, an Bheilg<br><br>Náisiúntacht: Beilgeach<br><br>Inscne: fireann | Is fear gnó é Alain Goetz arb é iar-úinéir tairbhiúil agus iarstiúrthóir African Gold Refinery Ltd, atá cláraithe in Uganda. Bhí baint aige le African Gold Refinery Ltd mar chomhairleoir agus mar thionscnóir.<br><br>Ó 2016 i leith, tá ór aindleathach de thionscnamh mianaigh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó faighte, ceannaithe, scagtha agus trádáilte ag African Gold Refinery Ltd atá á rialú ag grúpaí armtha neamhrialtasacha, lena n-áirítear Mai-Mai Yakutumba agus Raia Mutomboki, a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí díchobhsúcháin i gcúige Kivu Theas.<br><br>Coinníonn Alain Goetz leasanna a bhaineann le hór sa réigiún freisin, go háirithe trí Aldabra, cuideachta a bhí á rialú aige roimhe seo agus a d'infheistigh i scaglann óir Aldango, in éineacht leis an gcuideachta Ngali Mining atá faoi úinéireacht Stát Ruanda. Tá leas airgeadais ag Alain Goetz in Aldabra i gcónaí a mhéid atá an t-éileamh ar dhamáistí a chomhdaigh sé leis an Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Trádála a Shocrú fós ar feitheamh.<br><br>Ar na cúiseanna sin uile, tá Alain Geotz ag baint leas as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó trí shaothrú agus thrádáil aindleathach acmhainní nádúrtha. | 8.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 29. | Pierre Celestin RURAKABIJE | ar a dtugtar freisin Guillaume NGABO, Bagdad, Simba Guillaume, Samba Guillaume, Ngabo Simba<br>Feidhm/grád: Leas-Cheannasaí “Commando de recherche et d’action en profondeur” (CRAP) i bhFórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda/Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR/FOCA), Leifteanantchoirnéal<br>Náisiúntacht: Ruanda<br>Inscne: fireann | Tá ról ceannasach mar Leas-Cheannasaí ag Pierre Celestin Rurakabije laistigh de Fhórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda – Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR-FOCA), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Go háirithe, is é Leas-Cheannasaí “Commando de recherche et d’action en profondeur” (CRAP) de FDLR-FOCA – a mheastar a bheith ina aonad cománlach agus faisnéise den ghrúpa armtha.<br>Is grúpa armtha Hutu den chuid is mó é FDLR-FOCA, ar ghlac cuid dá cheannairí páirt i gcinedhíothú 1994 i Ruanda. Cuireann FDLR-FOCA, lena n-áirítear an t-aonad CRAP, leis an gcoinbhleacht armtha, leis an éagobhsaíocht agus leis an neamhshláine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean agus trí mhí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe ar shibhialtaigh, maruithe, foréigean in aghaidh leanaí, éigniú agus gníomhartha eile foréigin ghnéasaigh.<br>Mar gheall ar a ról ceannasach in FDLR, tá baint ag Pierre Celestin Rurakabije, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 26.7.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 30. | Gustave KUBWAYO | ar a dtugtar freisin Sirkoof, Surkoof, Sirkoff, Surcouf, Surcoff, Surcof, Surkouf, Syrkoff, Modeste, Slycove.<br>Feidhm/grád: Ceannasaí "Commando de recherche et d'action en profondeur" (CRAP) i bhFórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda/Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR/FOCA), Coirnéal<br>Áit bhreithe: Bardas Karago, maoracht Gisenyi, Ruanda; nó Ceantar Nyabihu, Western province, Ruanda<br>Náisiúntacht: Ruanda<br>Inscne: fireann | Tá ról ceannasach mar cheannaire ag Gustave Kubwayo i bhFórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda – Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR-FOCA), grúpa armtha atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá sé i gceannas ar aonad speisialta "Commando de recherche et d'action en profondeur" (CRAP) an FDLR-FOCA – a mheastar a bheith ina aonad cománlach agus faisnéise den ghrúpa armtha.<br>Is grúpa armtha Hutu den chuid is mó é FDLR-FOCA, ar ghlac cuid dá cheannairí páirt i gcinedhíothú 1994 i Ruanda. Rinne trodaithe FDLR-FOCA, lena n-áirítear aonad CRAP, éigniú agus gníomhartha eile foréigin ghnéasaigh agus mharaigh siad sibhialtaigh. Tá FDLR-FOCA páirteach go córasach i bhfuadaigh i gcomhair airgead fuascailte, coinneála agus básuithe treallacha sibhialtach agus in earcú comhraiceoirí leanaí. Tá baint ag an ngrúpa armtha freisin le lománaíocht neamhdhleathach, le saothrú acmhainní nádúrtha mar shampla fioghual, agus le cáin a bhailiú go neamhdhleathach ag seicphointí.<br>Ina cháil mar Cheannasaí ar aonad CRAP, tá baint ag Gustave Kubwayo le gníomhartha a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 26.7.2024'. |